# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | 10 gceist | 80 marc |
| Roinn B | 3 cheist | 240 marc |

Freagair gach ceist

Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- I go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh
- Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

| **Grád** | **Raon grádaithe** |
|---|---|
| Gradam **D** | 288 - 320 |
| Ardtuillteanas **HM** | 240 - 287 |
| Tuillteanas **M** | 176 - 239 |
| Gnóthaithe **A** | 128 - 175 |
| Gnóthaithe go Páirteach **PA** | 64 - 127 |
| Neamhghrádaithe **NG** | 0 - 63 |

| Roinn A | 80 marc |
|---|---|

**Ceist 1** **8**

I gcás gach ceann de na miasa liostaithe thíos, sainaithin bealach difriúil chun í a ghairnisiú nó a mhaisiú.

**(4 bhealach @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:1:0)**

***Smúdaí (Caoineog) torthaí***: *duilleog miontais, maisiúchán torthaí ullmhaithe, parasól, srl.*

| | |
|---|---|
| ***Anraith glasraí:*** | *croutonacha, luibheanna mionghearrtha, glasraí julienne, uachtar i nguairneán, cáis ghrátáilte, srl.* |
| ***Pióg éisc***: | *ding líomóide, tráta/cúcamar slisnithe, duilleog basal, craobhóg peirsile, luibheanna mionghearrtha, srl.* |
| ***Donnóga seacláide:*** | *siúcra reoáin/ púdar cócó criathraithe, maisiúchán torthaí ullmhaithe, uachtar/ reoán ime píobaithe, reoán glacé, maisiúchán siúcrabhunaithe, reoán almóinne múnlaithe/reoán fondant, naipcín pláta, cásanna páipéir frainseáilte,* srl. |

**Ceist 2** **8**

Tá gearrthóg físe ghairid á déanamh agat ar a dtugtar 'Príomhleideanna le haghaidh sábháilteacht dóiteáin sa teach.'

Déan cur síos ar **trí** threoirlíne i dtaca le sábháilteacht dóiteáin a bheadh san áireamh sa bhfíseán.

**(2 threoirlíne léirithe @ 3 mharc)** **grádaithe (3:1:0)**
**(1 theoirlíne léirithe @ 2 mharc)** **grádaithe (2:1:0)**

*Plugáil amach/múch rudaí leictreacha- luchtairí nach bhfuil in úsáid san áireamh/san oíche, ceannaigh fearais leictreacha ar ardchaighdeán ó sholáthróir creidiúnach, ná fág sáspain/ friochtáin/domhainfhriochtóirí srl gan aon duine ina bhun, úsáid sciath thine os comhair tine oscailte, ná triomaigh éadaí os comhair tine oscailte,bíodh trealamh oibre sábháilteachta dóiteáin ar fáil agat - aláram dóiteáin/deatach, blaincéad dóiteáin/múchtóir dóiteáin, ná fág lasáin riamh in áit gur féidir le leanaí teacht orthu, ná fág coinnle gan duine ina bhun,ná cuir luaithrigh teo i mbosca bruscair plaisteach riamh, bain úsáid as réamhchúraimí sábháilteachta cuí agus duine ag caitheamh, seachain rólódáil a dhéanamh ar shoicéid/ar cháblaí sínteacha, dún doirse inmheánacha san oíche, ullmhaigh plean éalaithe, srl.*

**Ceist 3** **8**

Mínigh na téarmaí seo a leanas:

**(2 théarma mínithe @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

**Caiteachas riachtanach** *rudaí nach mór íoc astu (tugtar riachtanais air chomh maith) bia, tithíocht, éadaí, billí fóntais, costais oideachais, srl.*
**Glanioncam -***ioncam i ndiaidh asbhaintí (tugtar glanphá air chomh maith) m.sh. d'asbhaintí ÍMAT, ÁSPC, USC, srl.*

**Ceist 4** **8**

Déan cur síos ar shampla **amháin** de mhodh ina bhfhéadfadh déagóir rogha eiticiúil a dhéanamh agus éadaí á gceannach aige/aici.

**(1 rogha eiticiúil @ 4 mharc)** **grádaithe (4:0)**

*D'fhéadfadh roghanna eiticiúla a bheith — fostú leanaí, pá éagóracha/coinníollacha oibre crua, rogha fabraicí — fabraicí éiceolaíocha, , teicstílí a tháirgtear ó bhreoslaí iontaise a sheachaint srl, fabraicí saor ó chruálacht, leathar/fionnadh a sheachaint, cadás a thrádáil go cóir, éadaí áitiúla, rudaí seanré/ar athlámh/uaschúrsáilte, srl.*

**(1 chur síos @ 4 mharc)** **grádaithe (4:0)**
*Cur síos ar an gcaoi a bhfuil sé seo eiticiúil*

**Ceist 5** **8**

Is féidir pócaí a fhuáil ar earraí teicstíle ag baint úsáid as inneall fuála

**(i)** Sainaithin an greim a thaispeántar.
**(Ainm greama @ 1 mharc)** *greim díreach* **grádaithe (1:0)**

**(ii)** Déan cur síos ar úsáid eile don ghreim seo.
**(1 chur síos d'úsáid eile @ 7 marc)** **grádaithe (7:2:0)**
*Úsáidtear é le píosaí fabraice a choinneáil le chéile/ uamanna,*
*ag fuáil ciumhaiseanna/uamanna le meaisín, ag fuáil fáithimí.*
*maisigh ag baint úsáide as saorbhróidnéireacht,*
*úsáidtear é do chruthanna appliqué, cuilteáil, srl.*

**Ceist 6** **8**

Is furasta an tsiombail seo do dhéantús Éireannach faoi ráthaíocht a aithint.

Mínigh conas a chuidíonn tú leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn má cheannaíonn tú táirgí leis an tsiombail seo orthu.

**Sainaithin conas a chuireann an tsiombail inbhuanaitheacht chun cinn @ 2 mharc**
**grádaithe (2:0)**
*Is féidir inbhuanaitheacht a bheith – eacnamaíoch, sóisialta agus bainteach leis an timpeallacht*

**Míniú ar conas a chuireann táirgí leis an tsiombail seo inbhuanaitheacht chun cinn @ 6 mharc** **grádaithe (6:0)**
*Níos lú dramhaíola má tá an cháilíocht ard,*
*Cuireann sé siopadóireacht áitiúil chun cinn, rud a-*
*chruthaíonn fostaíocht d'fheirmeoirí áitiúla/ do tháirgeoirí,*
*sheachnaíonn iompar gan ghá de tháirgí,*
*ciallaíonn poist áitiúla go dtaistealaítear níos lú – truailliú – astaíóchtaí carbóin srl.*

**Ceist 7** **8**

'Tá 80% de ghalar croí inchoiscthe'. (layahealthcare.ie)

Mol **trí** threoirlíne le leanúint chun cosc a chur ar ghalar corónach croí.


**(2 threoirlíne @ 3 mharc)** **grádaithe (3:1:0)**
**(1 threoirlíne @ 2 mharc)** **grádaithe (2:1:0)**

*Laghdaigh saill sháithithe, seachain strus, ná bí ag caitheamh, ná bí ag ól alcóil, déan aclaíocht go rialta (cardashoithíoch), méadaigh méid iomlán snáithín a itheann tú, laghdaigh an méid salainn a itheann tú, bain úsáid as táirgí a laghdaíonn colaistéaról san aiste bia, srl.*

**Ceist 8** **8**

Bain úsáid as na focail liostaithe thíos agus lipéadaigh na páirteanna den chóras díleá a thaispeántar.

**(Lipéadaíodh 4 pháirt i gceart @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:0)**




**Ceist 9** **8**

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

**(Sainaithníodh 2 ráiteas i gceart @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:0)**
**(Sainaithníodh 1 ráiteas i gceart @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

| **Ráiteas** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Cuidíonn Vitimín D le cailciam a ionsú | ✓ | |
| Is foinse mhaith snáithín chothaithigh í feoil | | ✓ |
| Cuidíonn Vitimín C le cosc a chur ar dhaille oíche | | ✓ |

**Ceist 10** **8**

Déan cur síos ar fhreagracht amháin ar gach ball de na baill teaghlaigh seo a leanas.

**Freagracht tuismitheora**
**(Cuireadh síos ar fhreagracht amháin @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*chun cinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais fhisiceacha leanaí/go bhfuil éadaí leordhóthanacha/aistí bia sláintiúla ag leanaí srl.*
*chun billí/cíos/morgáiste a íoc/go mbuailfidh siad le riachtanais eacnamaíocha leanaí,*
*gnásanna/luachanna/teanga/traidisiúin/riachtanais shóisialaithe leanaí a chomhlíonadh,*
*grá/tacaíocht/spreagadh a thabhairt do na leanaí/gá mothúcháin leanaí a chomhlíonadh,*
*timpeallacht spreagúil a chur ar fáil/foghlaim a spreagadh/príomhoideoirí/leabhair/áit staidéir a chur ar fáil/riachtanais intleachtúla leanaí,*
*dea-shampla a thabhairt sa phobal/obair dheonach a dhéanamh i gclubanna spóirt/i mbailte slachtmhara/grúpaí pobail, a bheith freagrach ó thaobh an chomhshaoil de/athchúrsáil/úsáid fuinneamh go héifeachtúil, srl.*

**Freagracht déagóra:**
**(Cuireadh síos ar fhreagracht amháin @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*cabhrú sa bhaile/a bheith ag dioscaireacht*
*obair go maith ar scoil/obair bhaile a dhéanamh go freagrach*
*caidreamh a dhéanamh le siblíní agus aire a thabhairt dóibh,*
*Cúram a dhéanamh de/aire a thabhairt dá rudaí féin,*
*a bheith cineálta le seantuismitheoirí,*
*a bheith freagrach le hairgead/a dtuilleamh féin,*
*na rialacha a leanúint/seachain ag dul i riosca,*
*a bheith stuama ó thaobh na timpeallachta de/ athchúrsáil/ fuinneamh a úsáid go héifeachtúil, srl.*
*meas a thaispeáint do thuismitheoirí/do mhúinteoirí/ iadsan atá i gceannas, srl.*

| **Roinn B** | **240 marc** |
|---|---|

Freagair gach ceist.

**Ceist 11** **80**

Tá an chistin á hathdhearadh ag Muintir Mhuilleora.

**(a)** Déan cur síos ar **cheithre** threoirlíne eile, maidir le seomra a phleanáil, is cóir do Mhuintir Mhuilleora a chur san áireamh agus an chistin á pleanáil acu. **20**

**(Cuireadh síos ar 4 threoirlíne maidir le seomra a phleanáil don chistin @ 5 mharc an ceann)** **grádaithe (5:3:0)**

Bí ag súil le pointe amháin ar an triantán oibre/ord oibre

*smaoinigh ar thriantán oibre/ord oibre,*
*costas/airgead ar fáil,*
*toise agus cruth an tseomra,*
*sábháilteacht agus sláinteachas,*
*go leor spáis stórála fheidhmiúil,*
*aghaidh an tí/méid solas na gréine srl,*
*téamh- córas atá ann cheana féin -éifeachtúlacht fuinnimh,*
*soilsiú- i gcomhair tascanna ar leith/do ghné ar leith/ go ginearálta,*
*aeráil/ cochall cócaireáin/ eastarraingteoir, suíomh na ndoirse -sruth tráchta,*
*feidhm an tseomra /bia a ithe ann/ spás oibre/spás súgartha/ spás obair bhaile,*
*troscán atá ann cheana féin,*
*gnéithe atá ann cheana féin/soicéid/pluiméireacht/ daingneáin/fearais/suíomh an dorais/ suíomh na fuinneoige, cad a thaitníonn/nach dtaitníonn leis an teaghlach*
*décor, dath, patrún, uigeacht, srl.*

**(b)** **(i)** Pléigh **dhá** cheart atá ag tomhaltóirí agus fearais leictreacha á gceannach acu don bhaile. **10**

**(2 cheart pléite @ 5 mharc an ceann)** **grádaithe (5:3:0)**

*an ceart chun roghnú- ciallaíonn réimse leathan earraí le roghnú as gur féidir leis an tomhaltóir féachaint timpeall na siopaí le haghaidh earraí ar chaighdeán níos fearr ag na praghsanna is ísle.*
*ceart ar cháilíocht agus luach ar airgead- ní mór earraí a bheith ar cáilíocht inmhargaidh.*
*ceart ar fhaisnéis chruinn-ní mór faisnéis a thugtar faoi earraí nó faoi sheirbhísí a bheith fíor.*
*ceart ar shábháilteacht- ní mór earraí ná seirbhísí a bheith díobhálach ná dainséarach.*
*ceart ar chúiteamh - an ceart gearán a dhéanamh má tá earraí nó seirbhísí míshásúil agus deisiú/aisíoc/earra ionaid/nóta creidmheasa/dearbhán bronntanais a fháil,*
*glac le cearta a bhaineann le siopadóireacht ar líne- an ceart chun cealú laistigh de 14 lá, srl.*

Lorgaíonn muintir mhuilleora do chabhair le cuisneoir nua a cheannah.

Ag baint úsáid as an eolas atá curtha ar fail ar na lipéad a thaispeántar thuas:

**(b)** **(ii)** Mol ceann **amháin** de na cuisneoirí do Mhuintir Mhuilleora. **10**

**(Sainaithníodh 1 chuisneoir A ó B @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

**(iii)** Cosain **dhá** chúis le do rogha.

**(2 chúis cosanta @ 4 mharc an ceann)** **grádaithe (4:2:0)**

Ní mór na cúiseanna a bheith nasctha leis an eolas ar an lipéad

*tagairt déanta ar chostais reatha,*
*tá úsáid fuinnimh níos ísle níos fearr don chomhshaol,*
*is féidir leis a bheith níos marthanaí má tá sé níos éifeachtúla,*
*méid ag brath ar mhéid /riachtanais an teaghlaigh,*
*leibhéil torainn, srl.*

**(c)** Déan cur síos ar **thrí** threoirlíne a leanfá chun fuinneamh a spáráil agus an cuisneoir á úsáid agat. **15**

**(3 threoirlíne chun fuinneamh a spáráil @ 5 mharc an ceann)** **grádaithe (5:3:0)**
*ná hoscail an doras gan ghá/ná fág an doras ar oscailt gan ghá,*
*ná cur in aice le foinse teasa/cócaireán/oigheann/radaitheoir é,*
*múch nuair a bhíonn tú ar laethanta saoire/bain úsáid as modh saoire,*
*ná cuir bia te sa chuisneoir,*
*Seachain rólíonadh a dhéanamh ar an gcuisneoir/gan go leor a chur isteach - is é trí cheathrú lán an stad is fearr,*
*déan seic ar na séalaí dorais agus athraigh iad de réir mar is gá,*
*fág spás timpeall agus taobh thiar den chuisneoir chun ligean d'aer scaipeadh, srl.*

**(d)** **(i)** Ainmnigh modh íocaíochta **amháin** agus gléasanna leictreacha á gceannach agat. **2**

**(1 mhodh íocaíochta @ 2 mharc)** **grádaithe (2:0)**

*airgead tirim,*
*cárta dochair,*
*cárta creidmheasa,*
*seic,*
*fruilcheannach,*
*plean creidmheasa/ socrú,*
*paypal,*
*klarna, revolut,*
*aip bhaincéireachta, srl.*

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an modh íocaíochta atá ainmnithe agat. **8**

**(Sainaithníodh 1 bhuntáiste ag 4 mharc)** **grádaithe (4:0)**

*airgead tirim: gasta agus éasca, srl.*
*cárta dochair: gasta, is féidir aisairgead a fháil, i gcás earraí lochtacha/ earraí neamhseachadta is féidir le custaiméirí iarratas a dhéanamh chuig a mbanc ar aisíocaíocht, srl.*
*cárta creidmheasa: níos sábháilte uaireanta, úsáideach do shiopadóireacht ar líne, i gcás earraí lochtacha/ earraí neamhseachadta is féidir le custaiméirí iarratas a dhéanamh chuig a mbanc ar aisíocaíocht, srl.*
*seic: sábháilte/ má choinnítear seicleabhar sábháilte, úsáideach do phost, srl*

**(Sainaithníodh 1 mhíbhuntáiste ag 4 mharc)** **grádaithe (4:0)**

*airgead tirim: féadtar é a ghoid, níos mó seans nach mbeadh go leor agat, srl.*
*cárta dochair: cuntas reatha de dhíth, baol calaoise, srl.*
*cárta creidmheasa: ús ard, éasca an iomarca airgid a chaitheamh, baol calaoise, srl.*
*seic: ní mór airgead a bheith sa chuntas, srl.*

**(e)** Tugann na Muilleoirí cuireadh dá dteaghlach sínte teacht chun béile a chaitheamh sa chistin nua.

**(i)** Mínigh an téarma 'teaghlach sínte'. **5**

**(1 mhíniú den téarma @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

*Is teaghlach sínte é teaghlach ina bhfuil aintíní, uncailí, seantuismitheoirí agus col ceathracha, tá níos mó i gceist leis an teaghlach ná teaghlach núicléach leanaí agus tuismitheoirí, soláthraíonn sé tacaíocht le linn géarchéime,*
*tugtar an teaghlach traidisiúnta air freisin, i roinnt sochaithe/cultúr agus go traidisiúnta - bíonn teaghlaigh shínte ina gcónaí le chéile, srl.*

**(ii)** Déan measúnú ar **dhá** thairbhe a ghabhann le cumarsáid éifeachtach idir baill teaghlaigh. **10**

**(2 bhuntáiste measta @ 5 mharc do gach ceann)** **grádaithe (5:3:0)**

*tógann sé ceangail teaghlaigh/ láidríonn sé caidrimh,*
*laghdaíonn sé mothúcháin uaignis/ uaigneas,*
*laghdaíonn sé míthuiscintí/ coimhlint,*
*roinntear imní agus buarthaí/ tógann sé tacaíochtaí níos fearr,*
*sóisialú, noirm shóisialta/luachanna a chur ar aghaidh, srl.*

**Ceist 12**

Díoltar craicir i gceaintín na scoile. Taispeántar an lipéad bia do na craicir thíos.

**(a)** **(i)** Mínigh na téarmaí seo a leanas: **10**

**(1 théarma mínithe @ 5 mharc)** **grádaithe (5:3:0)**

**Ailléirginí:** *Substaintí/comhábhair is cúis le frithghníomhú ailléirgeach, is iad na hailléirginí coitianta ná cnónna, déiríocht, soilire, sliogéisc, tugann liostú ailléirginí ar phacáistiú bia/ar bhiachláir rabhadh don tomhaltóir chun tinneas nó turraing anaifiolachtach a sheachaint, srl.*

**(1 théarma mínithe @ 5 mharc)** **grádaithe (5:0)**

***Meáchan glan:*** *meáchan an bhia/an táirge/an earra gan mheáchan an ábhair phacáistithe san áireamh.*

**(a)** **(ii)** Ag baint úsáid as an eolas ar an lipéad déan luacháil ar an luach cothaitheach atá ag na craicir. Bíodh ceithre phointe eolais san áireamh i do fhreagra. **28**

**(4 phointe cothaitheach @ 7 marc an ceann)**

| | |
|---|---|
| *ainm an chothaithigh* | **@ 1 mharc** |
| *méid nó trácht ar an méid* | **@ 1 mharc** |
| *feidhm* | **@ 5 mharc** |

**(b)** Caitheann baill foirne cheaintín na scoile naprúin mar chuid dá gculaith.

Mínigh cén t-eolas a chuireann na siombailí cúraim teicstíle seo a leanas in iúl don tomhaltóir. **4**

**(2 ráiteas @ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:1:0)**

| **Siombail** | |
|---|---|
|  | Iarann bogthe / Iarann ar theas measartha |
|  | Nigh i meaisín / uasníochán ag 60 céim |

**(c)** Tá sé den riachtanas go mbainfí úsáid shábháilte as fearas sa bhaile.

**(i)** Déan cur síos ar **dhá** threoirlíne shábháilteachta is gá a leanúint agus fearais leictreacha á n-úsáid chun bia a ullmhú. **10**

**(2 threoirlíne sábháilteachta @ 5 mharc an ceann) grádaithe (5:3:0)**

*Lean treoracha an déantóra, ná bain úsáid as le lámha fliucha, seachain cáblaí nochta, tabhair aire le páirteanna géara nó gluaiste, ná fág fearais ullmhúchán bia gan aon duine ina bhun, ná bain úsáid as rud éigin má tá sé lochtach nó briste, tabhair aire nuair atáthar ag baint úsáide as/ag athrú/ag feistiú lann, lean treoirlínte maidir le sábháilteacht bia i dtaobh níocháin chuimsithigh/stórála sláintí an phróiseálaithe bia/an chumascóra bia/an mheascthóra bia, srl.*

**(ii)** Déan measúnú ar a bhfuil déanta ag an teicneolaíocht chun leasa do phleanáil agus d'ullmhú bia. **12**

**(3 phointe meastóireachta @ 4 mharc an ceann) grádaithe (4:2:0)**

Sainaithin an teicneolaíocht agus déan measúnú ar a bhfuil déanta aici

*idirlíon/uirlisí cuardaigh a dhéanann oidis a aimsiú/béilí a phleanáil níos éasca,*
*tugann suíomhanna gréasáin siopadóireachta eolas faoi na tairiscintí speisialta atá ar fáil ionas gur féidir béilí ar chostas níos ísle a phleanáil, ag baint úsáide as ullmhúchán bia, tá am sábháilte ag teicneolaíocht, ciallaíonn fearais ullmhúchán bia níos lú oibre/saothar, sábhálann fearais nua fuinneamh- mar sin laghdaíonn siad costas reatha,*
*de bharr na teicneolaíochta tá an chócaireacht níos inrochtana dóibh siúd atá faoi mhíchumas, déanann an teicneolaíocht ag ullmhú bia níos éasca dóibh siúd a bhfuil scileanna ísle acu, tá ábhair níos nuaí/cliste níos marthanaí, tá ábhair níos éasca le glanadh/ brait neamhghreamaitheacha, laghdaíonn fearais chócaireachta le hamadóirí/fearais uathoibríocha an baol a bhaineann le bia a dhó, srl.*

**(d)** **(i)** Déan cur síos ar mhionathrú **amháin** a dhéanfá ar gach ceann de na miasa a thaispeántar thíos ionas go gcomhlíonfaí na treoirlínte itheacháin sláintiúla reatha. **16**

**(2 mhionathrú curtha síos/ forbartha @ 4 mharc an ceann) grádaithe (4:2:0)**

**(ii)** Mínigh an chúis leis an mionathrú a rinne tú.

**(2 chúis mínithe @ 4 mharc an ceann) grádaithe (4:2:0)**

| **Mias** | Mionathrú | Mínigh |
|---|---|---|
| Pancóga agus anlann seacláide | *Bain an t-anlann seacláide, agus cuir slisní toraidh leis, srl.* | *Glac le nasc leis an mbia roghnaithe agus pointe cothaitheach/ diaitéiteach,srl.* |
| Rollóga ispíní | *Bain úsáid as plúr caiscín seachas plúr bán, srl.* | *Glac le nasc leis an mbia roghnaithe agus pointe cothaitheach / diaitéiteach,srl.* |

**Ceist 13**

Tá tú féin agus do chairde ag dul ag siúl ar na cnoic.

**(a)** **(i)** Pléigh **trí** bhuntáiste shláintiúla a bhaineann le haclaíocht rialta do dhéagóirí. **9**

**(3 bhuntáiste shláintiúla pléite @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:1:0)**

*Laghdaíonn sé strus /tugann sé ardú meanman duit/ feabhsaíonn sé folláine,*
*is féidir cairde nua a dhéanamh/in ann bualadh le daoine,*
*cuidíonn sé le meáchan sláintiúil a choinneáil;*
*feabhsaíonn sé leibhéil chorpacmhainne / coinníonn sé corpacmhainn aeróbach*
*cuidíonn sé le galar croí a chosc,*
*coinníonn sé matán tairbheach,*
*coinníonn sé dlús na gcnámh, srl.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí éagsúla inar féidir airgead a shábháil agus duine ag siopadóireacht do bhia le haghaidh siúlóid chnoic. **12**

**(4 shlí le hairgead a shábháil agus duine ag siopadóireacht do bhia @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:1:0)**

*féach timpeall na siopaí don luach is fearr a fháil,*
*bain úsáid as dearbháin phraghasghearrtha,*
*ceannaigh féinbhrandaí,*
*ceannaigh in ollmhargaí le phraghsanna níos ísle,*
*ceannaigh bia ina seasúr féin*
*roghnaigh gearrthacha feola níos saoire,*
*bain leas as tairiscintí speisialta- ceannaigh ceann faigh ceann saor in aisce,*
*ceannaigh bia domheata ar an mórchóir má tá siad níos saoire,*
*seachain tob-cheannach- trí liosta a dhéanamh agus cloí leis,*
*seachain siopadóireacht agus ocras ort,*
*ceannaigh bia ar lascaine atá gar den spriocdháta díola dá mbeadh sé á úsáid láithreach, srl.*

**(b)** **(i)** Déan lón pacáilte sláintiúil a phleanáil a bheadh oiriúnach do dhéagóir atá ag dul ag siúl ar na cnoic. **14**

**2 chúrsa iomlán @ 4 mharc an ceann** **grádaithe (4:2:0)**

***Cothromaíocht***
*bunaithe ar phirimid an bhia: trí nó ceithre ghrúpa bia* **@3 mharc** **grádaithe (3:0)**
***Deoch sláintiúil @*** **3 mharc** **grádaithe (3:0)**

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** threoirlíne maidir le béilí a phleanáil a lean tú agus an lón pacáilte don déagóir á phleanáil agat. **15**

**(3 threoirlíne curtha síos @ 5 mharc an ceann)** **grádaithe (5:2:0)**

*Tá bianna a roghnaítear oiriúnach le haghaidh pacála / bia a thaistealaíonn go maith, tá bianna roghnaithe éasca le hithe nuair atáthar amuigh, roghnaítear sneaiceanna sláintiúla atá pacáilte leo féin, tá éagsúlacht dathanna/uigeachtaí ag na bianna a roghnaítear, smaoinigh faoin am atá ar fáil le hullmhú, smaoinigh faoi scileanna, seachain bianna ardsaill/leis a lán salann/próiseáilte an iomarca nó bianna saoráideacha, smaoinigh faoi inbhuanaitheacht- bain úsáid as bianna atá in ard an tséasúir, I measc na mbianna a roghnaíodh tá-próitéin le haghaidh fáis, vitimín D/cailciam do chnámha agus fiacla sláintiúla, iarann do mhná ógánta, carbaihiodráití le haghaidh fuinnimh, srl.*

**(c)** Bhris strapa do mhála nua nuair a bhí tú ag siúl. Pléigh **dhá** chineál cúitimh atá dlite duit nuair a thugann tú an mála ar ais go dtí an siopa inar cheannaigh tú é. **6**

**(2 phointe pléite @ 3 mharc an ceann)** **grádaithe (3:1:0)**

*Deisiú, earra ionaid, aisíocaíocht, nóta creidmheasa.*

**(d)** Shocraigh tú barréide a uaschúrsáil le caitheamh agus tú ag dul ag siúl ar na cnoic

**(i)** Mínigh **trí** ghné atá le cur san áireamh agus uaschúrsáil á déanamh agat. **12**

**(3 ghné mínithe @ 4 mharc)** **grádaithe (4:2:0)**

*Acmhainní/ trealamh, scileanna pearsanta/ saineolas, feidhm an earra -oiriúnacht fabraice srl, ag ní an earra sa todhchaí, inbhuanaitheacht- eiticiúil agus éiceolaíoch, cáilíocht an dearaidh críochnaithe/tarraingt aeistéitiúil, am ar fáil, treochtaí faisin, costas, srl.*

**(ii)** Sceitseáil, lipéadaigh agus déan cur síos ar an mbarréide a rinne tú a uaschúrsáil. **12**
Bíodh tagairt agat don dath/do na dathanna agus do na greamanna i do fhreagra.

***Sceitse (@ 2 mharc)*** **grádaithe (2:1:0)**

**(5 phointe**-*bí ag súil le 1 lipéad, tagairt do dhath(anna), 2 ghreim* **@ 2 mharc an ceann)** **grádaithe (2:1:0)**

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

# *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |